

Torthaí Tuarascála faoi Iompraíocht Sláinte Leanaí in Aois Scoile in Éirinn ó 1998-2018

Leagtar béim i dtuarascáil OÉ Gaillimh ar threochtaí iompraíochtaí sláinte leanaí thar 20 bliain

Léiríonn an staidéar HBSC go bhfuil laghdú tríd is tríd sna táscairí úsáide substainte ar fad; méadú ar líon na ndaoine óga a thuiriscíonn brú a bheith orthu de bharr obair scoile; agus tuairiscíonn níos mó leanaí go bhfuil siad in ísle brí

- *Dúirt 5.3% de leanaí Éireannacha idir 10-17 mbliana d'aois go raibh siad ag caitheamh tobac in 2018, i gcomparáid le 22.6% in 1998*
- *In 2018, thuiriscigh 19% díobh go raibh siad ar meisce am éigin, i gcomparáid le 33% in 1998.*
- *Thuiriscigh 8.5% in 2018 gur úsáid siad cannabas le bliain anuas i gcomparáid le 12.3% in 1998.*
- *Thuiriscigh 44.3% go raibh brú orthu mar gheall ar obair scoile, i gcomparáid le 32.9% in 1998*
- *Thuiriscigh 34.3% go raibh siad in ísle brí gach seachtain nó níos minice, i gcomparáid le 23% in 1998*

Dé Luain, 8 Márta 2021: Inniu, sheol an tAire Stáit a bhfuil freagracht air as Sláinte Phoiblí, Folláine agus an Straitéis Náisiúnta Drugaí, Frank Feighan an tuarascáil 'Health Behaviour in School-aged Children Trends Report 1998-2018' (HBSC).

Ba í an taighdeoir sinsearach Aoife Gavin a stiúir an tuarascáil i gcomhar le foireann taighde HBSC san Ionad Taighde don Chothú Sláinte in OÉ Gaillimh.

I gcomparáid le torthaí 1998, fuarthas amach sa staidéar go raibh níos lú leanaí ag úsáid substaintí, go mbíonn níos mó ná leath na leanaí i mbun aclaíocht rialta, go mbíonn níos mó leanaí faoi bhrú ag obair scoile agus go ndeir níos mó leanaí go bhfuil siad in ísle brí.

Staidéar tras-earnála é an HBSC a dhéantar i gcomhar le hOifig Réigiúnach na hEagraíochta Domhanda Sláinte don Eoraip. Déantar é a reáchtáil gach ceithre bliana. In 2018, ghlac 45 tír agus réigiún páirt, ag bailiú sonraí ar iompraíochtaí sláinte, torthaí sláinte agus comhthéacsanna sóisialta a bhaineann le saol leanaí.

Rinne an staidéar comparáid idir torthaí iompraíochta sláinte leanaí in aois scoile ó 1998 go 2018.

Iompraíochtaí riosca sláinte – Laghdú tríd is tríd sna táscairí úsáide substainte ar fad.

:: Tuairiscíonn níos lú leanaí go bhfuil siad ag caitheamh tobac faoi láthair – 5.3% in 2018, i gcomparáid le 22.6% in 1998.

:: Tuairiscíonn níos lú leanaí go raibh siad ar meisce am éigin – 19% in 2018 i gcomparáid le 33% in 1998.

:: Tuairiscíonn níos lú leanaí gur úsáid siad cannabis le bliain anuas – 8.5% in 2018, i gcomparáid le 12.3% in 1998.

Iompraíochtaí sláinte dearfacha – Feabhas tríd is tríd i measc daoine óga

:: Tá níos mó leanaí ag scuabadh a gcuid fiacla níos mó ná uair amháin sa lá – 70.1% in 2018, i gcomparáid le 57.6% in 1998.

:: Tá níos mó leanaí ag caitheamh crios sábhála i gcónaí ar thurais ghluaisteáin – 81.4% in 2018, i gcomparáid le 41.0% in 1998.

:: D’fhan céatadán na ndaoine óga a dhéanann aclaíocht bhríomhar ceithre huairé nó níos mó sa tseachtain seasmhach – 52.1% in 2018, i gcomparáid le 52.6% in 1998.

Ag seoladh na tuarascála, dúirt an tAire Frank Feighan: “Fearaim fáilte roimh fhoilsiú na tuarascála is déanaí seo ón Staidéar ar Iompraíocht Sláinte Leanaí in Aois Scoile. Chuir an tionscadal idirnáisiúnta seo sonraí riachtanacha ar fáil dúinn a chuidigh le polasaí a bhaineann le sláinte agus folláine ár leanaí agus ár ndaoine óga a mhúnlú agus a threorú.

“Tugann an tuarascáil nua seo ar Threochtaí deis iontach dúinn machnamh a dhéanamh ar an iliomad feabhsúchán thar a bheith suntasach atá tagtha ar shláinte ár leanaí, agus ar na réimsí sin nach bhfuil an oiread dul chun cinn déanta againn iontu agus ba mhaith linn. Beidh an-tábhacht ag baint leis an eolas atá sa staidéar seo maidir le pleanáil don todhcháil agus an treo a ghlacfaidh polasaithe i ndáil le sláinte leanaí.”

Dúirt an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, Roderick O’Gorman T.D.: “Tá Éire ag dul sa treo ceart maidir le sláinte daoine óga, agus is léir go bhfuil tionchar dearfach ag tionscnaimh a bhunaigh an Rialtas roimhe seo chun tacú le roghanna sláintiúla maidir le hól alcóil agus caitheamh tobac a laghdú, rud a chuidíonn lenár ndaoine óga a choinneáil slán.

“Tugann an taighde le fios freisin gur gá béim níos mó a chur ar thacú le meabhairshláinte dhearfach daoine óga, agus mar gheall ar thionchar Covid-19, d’fhéadfadh an fhadhb seo éirí níos forleithne. I mí Feabhra, sheol mo Roinn an feachtas Ag Tacú le Leanaí a bhfuil sé mar aidhm aige eolas a thabhairt faoi na tacaíochtaí atá ar fáil do leanaí agus do theaghlaigh le linn na paidéime. Mhéadaíomar an maoiniú atá ar fáil do sheirbhísí óige in 2021 freisin, mar aitheantas ar an tionchar dearfach is féidir a bheith ag obair óige ar shaol daoine óga.

“A bhuíochas le foireann taighde HBSC in OÉ Gaillimh agus le haiseolas ó dhaoine óga, tá píosa taighde luachmhar againn anois a chuirfidh treoir ar fáil chun tionscnaimh maidir le saol folláin a chaitheamh a fhorbairt amach anseo atá dírithe ar shaol leanaí agus daoine óga in Éirinn a fheabhsú.”

Ag trácht dó ar na torthaí, dúirt an Comh-Phríomhthaighdeoir, an Dr Colette Kelly ón Ionad Taighde don Chothú Sláinte in OÉ Gaillimh: “Is toradh é an tuarascáil seo ar bhlianta fada oibre, agus tá roinnt dea-scéalta le sonrú faoi iompraíochtaí sláinte leanaí Éireannacha, mar shampla tá laghdú leanúnach tagtha ar úsáid substaintí.

“Tá treocht dhearfach leanúnach ann maidir le leanaí ag caint lena gcuid tuismitheoirí agus tuairiscí ar áiteanna maithe sa cheantar áitiúil chun am saor a chaitheamh. Cuireann an tuarascáil béim freisin ar réimsí ar gá feabhas a chur orthu, go háirithe tá níos mó daoine óga ag rá go mbraitheann siad go bhfuil brú orthu mar gheall ar obair scoile agus tá méadú ar líon na leanaí a deir go bhfuil siad in ísle brí. Soláthraíonn an tuarascáil briseadh síos ar phatrúin aoise, inscne agus aicme sóisialta a chuireann eolas níos doimhne ar fáil maidir le gach ceann de na táscairí.”

Chun an tuarascáil iomlán a léamh, tabhair cuairt ar: <INSERT LINK HERE>

- Críoch

Nótaí d'Eagarthóirí

Ceisteanna ó na meáin agus iarratais ar agallaimh chuig ed.carty@nuigalway.ie 086 4178175

Agallaimh ar fáil leis an bPríomhthaighdeoir, an tOllamh Saoirse Nic Gabhainn; an Comh-Phríomhthaighdeoir, an Dr Colette Kelly; agus an taighdeoir sinsearach Aoife Gavin ón Ionad Taighde don Chothú Sláinte in OÉ Gaillimh;

Grianghraf: Aislinn O'Byrne, 13 bliana d'aois, (ar chlé) agus Gabrielle O'Byrne, 11 bhliain d'aois, in OÉ Gaillimh sular seoladh an tuarascáil 'Health Behaviour in School-aged Children Trends Report 1998-2018' (HBSC).

Eolas faoi OÉ Gaillimh

Bunaíodh OÉ Gaillimh in 1845 agus is ollscoil dhátheangach í ina bhfuil ceithre choláiste, 19 scoil, cúig institiúid taighde, 19,070 mac léinn, 3,308 mac léinn idirnáisiúnta, 2,200 comhalta foirne, comhoibriú taighde le 3,267 institiúid idirnáisiúnta i 114 tír, 110,000 alumni, agus bíonn 98% dá céimithe i bhfostaíocht nó i mbun staidéar breise laistigh de shé mhí.

Chun tuilleadh eolais a fháil, téigh chuig www.nuigalway.ie agus tá an nuacht ar fad ar fáil ar <http://www.nuigalway.ie/about-us/news-and-events/>

Ceistanna Coitianta/Ceistanna & Freagraí

Cad atá i gceist leis an suirbhé HBSC?

Is é an tIonad Taighde don Chothú Sláinte, OÉ Gaillimh a rinne an suirbhé ó 1998 agus tugann sé na sonraí go léir le chéile, a bhaineann le níos mó ná 62,000 leanbh Éireannach, a bailíodh sa tréimhse seo chun príomhthreochtaí agus patrúin idir 1998 agus 2018 a scrúdú. Is é cuspóir an staidéir ina iomláine tuiscint nua a fháil ar shláinte agus ar fholláine daoine óga, ar a n-íompraíocht sláinte agus ar a gcúlra sóisialta agus cur lenár dtuiscint orthu sin. Chomh maith leis an bhfeidhm mhonatóireachta agus ginte eolais atá aige, tá ionchur i bpolasaí agus i gcleachtas ar cheann de phríomhchuspóirí an HBSC.

Cé a ghlac páirt sa suirbhé is déanaí in 2018?

Baineadh leas as sampla ionadaíoch náisiúnta de 15,557 dalta idir 10-17 mbliana d'aois ó 255 bunscoil agus iar-bhunscoil ar fud na hÉireann do staidéar HBSC 2018.

Conas a dhéantar na sonraí a bhailiú?

Is suirbhé scoilbhunaithe é an HBSC agus bailítear na sonraí trí cheistneoirí féin-chomhlánaithe a dháileann múinteoirí sa seomra ranga. Is ceistneoir caighdeánach é uirlis suirbhé idirnáisiúnta HBSC a d'fhorbair an líonra taighde idirnáisiúnta.

Conas a dhéantar na sonraí a úsáid?

Úsáidtear na torthaí ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta araon chun léargas nua a fháil ar shláinte agus ar fholláine ógánach, chun na tosca sóisialta a mbíonn tionchar acu ar shláinte a thuiscint agus chun polasaí agus cleachtas a threorú chun saol daoine óga a fheabhsú. Tá sonraí agus aschuir HBSC na hÉireann san áireamh in go leor tuarascálacha agus straitéisí polasaí náisiúnta agus idirnáisiúnta lena n-áirítear iad siúd ar Dhrugaí agus Alcól, Gníomhaíocht Fhisiciúil, Rannpháirtíocht Leanaí i gCinnteoireacht, Murtall, Cosc Díobhála, Sláinte Chardashoithíoch agus an Polasaí Sláinte Náisiúnta trí chéile.

Conas mar atá Éire i gcomparáid leis na tíortha Eorpacha eile seo nó leis na 45 tír atá rannpháirteach i dtéarmaí sláinte ár ndaoine óga?

Tagraíonn na rátálacha idirnáisiúnta a chuirtear i láthair sa tuarascáil do dhaoine óga 15 bliana d'aois in Éirinn agus i 26 tír eile a bhfuil sonraí ar fáil dóibh. Go ginearálta, éiríonn go maith le leanaí na hÉireann i gcomparáid lena gcomhghleacaithe idirnáisiúnta. Go háirithe, i measc na dtreochtaí dearfacha ar fiú iad a lua tá ithe torthaí, gníomhaíocht choirp agus cumarsáid leis an máthair agus leis an athair.

Cad iad na difríochtaí a léiríonn an tuarascáil seo dúinn faoi dhéagóirí an lae inniu i gcomparáid le déagóirí 10 agus 20 bliain ó shin?

Is lú an seans go dtabharfaidh leanaí in Éirinn faoi íompraíochtaí a chothaíonn baol dá gcuid sláinte, mar chaitheamh tobac, ól, agus úsáid cannabais, i gcomparáid le 20 bliain ó shin. Tá níos mó leanaí ag tabhairt faoi íompraíocht dhearfach sláinte ar nós torthaí a ithe go laethúil, scuabadh fiacla go rialta agus criosanna sábhála a chaitheamh. Mar sin féin, is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil daoine óga inniu ag rá go bhfuil níos mó brú orthu ón scoil, go bhfuil siad in ísle brí agus deir níos mó daoine óga go bhfuil siad ar aiste bhia ná mar a bhí san am atá caite, go háirithe buachaillí

níos sine. Cuirtear go leor treochtaí dearfacha i láthair sa tuarascáil seo chomh maith le hábhair inní, a dteastaíonn infheistíocht bhreise ina leith.

Torthaí ó staidéar HBSC 2018

Iompraíochtaí riosca sláinte

Ar an iomlán, thuairiscigh 5.3% de dhaoine óga in 2018 **go gcaitheann siad tabac** faoi láthair i gcomparáid le 22.6% in 1998. Thuairiscigh 32.1% in 2018 go raibh a gcéad toitín acu ag aois 13 bliana nó níos óige, i gcomparáid le 61% in 1998.

In 2018, thuairiscigh 19% de dhaoine óga go raibh siad **ar meisce** am éigin, i gcomparáid le 33% in 1998.

Thuairiscigh 8.5% in 2018 gur úsáid siad **cannabas** le 12 mhí anuas i gcomparáid le 12.3% in 1998.

In 2018, thuairiscigh 13.7% de leanaí **bulaíocht** ar scoil uair amháin nó níos mó le cúpla mí anuas, i gcomparáid le 25.1% in 1998.

Iompraíochtaí sláinte dearfacha

Ar an iomlán, thuairiscigh 23.3% in 2018 go n-itheann siad **torthaí** níos mó ná uair amháin sa lá, i gcomparáid le 17.6% in 1998.

Thuairiscigh 81.4% in 2018 go gcaitheann siad **crios sábhála** agus iad ag taisteal i gcarr i gcomparáid le 41% in 1998.

Thuairiscigh 52.1% de leanaí in 2018 go ndearna siad **aclaíocht** ceithre huairé nó níos mó in aghaidh na seachtaine i gcomparáid le 52.6% in 1998.

Iompraíochtaí sláinte gnéis

In 2018, thuairiscigh 22% de dhaoine idir 15 agus 17 mbliana d'aois go raibh **gnéas** acu am éigin. In 2010 ba é 25.5% an céatadán a bhí i gceist.

Thuairiscigh 65.9% de dhaoine óga idir 15 agus 17 mbliana d'aois in 2018 gur úsáid siad **coiscín** an uair dheiridh a raibh caidreamh collaí acu, i gcomparáid le 78% in 2010.

Sláinte agus folláine

Ar an iomlán, thuairiscigh 31% de leanaí in 2018 go raibh a gcuid sláinte thar barr i gcomparáid le 28.2% in 2002.

Thuairiscigh 87.6% de leanaí in 2018 go bhfuil siad **sásta** lena saol i gcomparáid le 88.1% in 1998.

Thuairiscigh 72.8% de leanaí go raibh siad **an-sásta lena saol** in 2018 i gcomparáid le 76% in 2002.

In 2018, thuairiscigh 34.3% de leanaí in 2018 go raibh siad in **ísle brí** gach seachtain nó níos minice. In 1998, 23% a bhí i gceist.

In 2018 thuairiscigh 14.4% de leanaí go raibh siad ar aiste bhia nó go ndearna siad rud éigin eile chun meáchan a chailleadh, i gcomparáid le 11.9% in 2002.

Comhthéacs sóisialta shaol na leanaí

Thuairiscigh 84% de leanaí in 2018 go raibh sé éasca orthu labhairt lena máthair i gcomparáid le 73% in 1998.

Thuiriscigh 71.5% in 2018 go raibh sé éasca orthu labhairt lena n-athair i gcomparáid le 47.4% in 1998.

Thuiriscigh 73.2% go raibh cónaí orthu leis an mbeirt tuismitheoirí i gcomparáid le 90.8% in 1998.

Ar an iomlán, thuiriscigh 71.5% in 2018 gur thaitin scoil leo i gcomparáid le 68.1% in 2002 ach thuiriscigh 44.3% de leanaí gur airigh siad faoi bhrú ag obair scoile in 2018 i gcomparáid le 32.9% in 1998.

Thuiriscigh 63.5% de leanaí in 2018 go bhfuil áiteanna maithe ina gceantar áitiúil chun am saor a chaitheamh iontu i gcomparáid le 45.1% in 2002.

Críoch